SeanadVoter.ie
VótálaíSeanad.ie

## Toghlach Ardoideachais Sheanad Éireann

## Focail, Frásaí agus Béarlagair

1. **Seanad Éireann**

Is é Seanad Éireann teach uachtarach Pharlaimint na hÉireann, an tOireachtas. Oibríonn sé taobh le Dáil Éireann (an teach íochtarach) chun reachtaíocht a dhréachtú, a phlé agus a cheadú.

2. **Toghlach Ardoideachais**

Is toghlach nua do Sheanad Éireann an toghlach Ardoideachais. Beidh na toghthóirí sa toghlach seo in ann seisear Seanadóirí a thoghadh do Sheanad Éireann. Chun a bheith curtha le clár na dtoghthóirí don toghlach seo, ní mór duit:

- a bheith i do shaoránach Éireannach
  **AGUS**
- a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine
  **AGUS**
- Céim a bheith agat ó institiúid ainmnithe.

Tiocfaidh an toghlach Ardoideachais i gcomarba ar an dá thoghlach trí shuíochán atá ann faoi láthair de chuid Ollscoil na hÉireann agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath).

3. **An Príomh-Údarás Clárúcháin**

Tá an tÚdarás Clárúcháin Lárnach (CRA) freagrach as an bpróiseas clárúcháin vótálaithe a bhainistiú don toghlach Ardoideachais i Seanad Éireann.

4. **Clár na dToghthóirí**

Is liosta é Clár na dToghthóirí ina bhfuil ainmneacha agus seoltaí na ndaoine aonair atá cláraithe le vótáil. Déantar é a uasdátú go bliantúil agus úsáidtear é le linn toghcháin.

5. **Toghthóir**

Is duine aonair é toghthóir atá cláraithe go hoifigiúil chun vótáil i dtoghcháin.

6. **Uimhir PSP**

Is uimhir thagartha uathúil í uimhir PSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) a chuidíonn leat rochtain a fháil ar shochair, ar sheirbhísí agus eolas in Éirinn.

7. **Eircód**

Is cód uathúil seacht gcarachtar é Eircód a thugtar do gach seoladh in Éirinn, ag sainaithint láithreacha ar leith.

8. **Uimhir Thagartha OÉ**

Is uimhir thagartha uathúil í Uimhir Thagartha OÉ a seoladh tríd an bpost i mí na Nollag 2024 chuig daoine atá liostaithe ar chlár reatha OÉ faoi láthair.

9. **Uimhir Alumni TCD**

Is uimhir thagartha uathúil í Uimhir Alumni TCD a seoladh tríd an bpost i mí na Nollag 2024 chuig daoine atá liostaithe ar chlár reatha Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi láthair.

10. **Ceann Comhairimh**

Is é an Ceann Comhairimh an t-oifigeach atá freagrach as stiúradh an toghcháin a mhaoirsiú agus a bhainistiú. Cinntíonn an ról seo go gcuirtear toghcháin i gcrích go réidh, go cothrom, agus de réir na gcaighdeán dlíthiúil.

11. **Vóta Poist**

Vótáil trí pháipéar ballóide a líonadh agus a chur isteach sa phost. Fágann sé sin go mbeidh sé níos éasca do vótálaithe a bheith rannpháirteach i dtoghcháin go cianda.

12. **Páipéar Ballóide**

An fhoirm a úsáideann vótálaithe chun a rogha sa toghchán a chur in iúl.

13. **Foirm Fhinnéithe um Chlárúchán Toghcháin Sheanad Éireann**

Mura bhfuil iarratasóir in ann uimhir PSP a sholáthar lena n-iarratas, féadfar Foirm Fhinnéithe um Chlárúchán Toghcháin Sheanad Éireann a úsaid chun an chéannacht a dheimhniú. Ba chóir d'iarratasóirí an fhoirm seo agus aitheantas griangraif a thabhairt chuig an staisiún gardaí áitiúil nó nótaire/nótaire poiblí chun an chéannacht a dheimhniú. Mura bhfuil iarratasóir in ann freastal ar staisiún gardaí áitiúil nó nótaire/ nótaire poiblí de bharr tinnis nó míchumais, ní mór dóibh an fhoirm a fháil formhuinithe ó liachleachtóir cláraithe.

14. **Nótaire/Nótaire Poiblí/Coimisinéir Mionn**

Is gairmithe dlí iad Nótaire/Nótaire Poiblí/Coimisinéir Mionn atá údaraithe chun céannachtaí a dheimhniú agus a bheith mar fhinné ar shíniú doiciméad. Cintíonn siad barántacht agus dlíthiúlacht doiciméad agus próiséis oifigiúla.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn má tá ceist agat.
Bheadh áthas orainn cúnamh a thabhairt duit.

applications@SeanadVoter.ie
+353 (1) 439 2424
VótálaíSeanad.ie, BOSCA P.O. 13784, Baile Átha Cliath 2, Éire